Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2020
(OR. en)

11815/20

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2020/0257(NLE)**
**2020/0258(NLE)**

TRANS 466

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11529/20 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10942/20 + ADD1<br>10945/20 + ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus<br>– Glacadh<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus<br>– Comhaontú i bprionsabal<br>– Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 18 Meán Fómhair 2020, chuir an Coimisiún an dá thogra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle.

2. Le linn 2017, rinne an Coimisiún, bunaithe ar shainordú ón gComhairle, prótacal arna chaibidil leis na seacht bPáirtí Chonarthacha[1] eile i gComhaontú Interbus lena leathnaítear raon feidhme an chomhaontaithe i dtreo iompar tráthrialta agus iompar tráthrialta speisialta de chóiste agus de bhus, lena ndírítear ar nós imeachta aonfhoirmeach údaraithe do línte idirnáisiúnta rialta faoi réir chur chun feidhme *acquis* an Aontais i réimse an iompair paisinéirí de bhóthar. Tar éis dhul in éag na tréimhse chun an prótacal sin a shíniú i mí Aibreáin 2019, gan líon leordhóthanach sínithe a bheith bainte amach, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún an 18 Feabhra 2020 caibidlíocht bhreise a sheoladh chun athruithe teicniúla áirithe a dhéanamh ar théacs an phrótacail.[2] Le linn na caibidlíochta ina dhiaidh sin, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le coiste speisialta na Comhairle agus chuir sé mionsonraí na n-athruithe teicniúla a comhaontaíodh leis na Páirtithe Conarthacha eile ar fáil dó i mí an Mheithimh 2020.[3] Go háirithe, ba ghá, chun go dtiocfadh an prótacal leasaithe i bhfeidhm, go ndéanfadh trí Pháirtí Chonarthacha Interbus (in ionad ceithre cinn díobh) an prótacal a thabhairt i gcrích nó a dhaingniú agus, dá bharr sin, níor mhór dhá bhliain a chur leis an tréimhse chun an prótacal leasaithe a shíniú, agus ghiorrófaí an tréimhse chun é a chur i bhfeidhm tar éis a dhaingnithe.

3. Phléigh an Mheitheal um Iompar de Thalamh na tograí le linn cruinniú neamhfhoirmiúil an 6 Deireadh Fómhair 2020. Ba dhíol sásaimh i gcoitinne do na toscaireachtaí na tionscnaimh, agus chuir cuid acu tuairimí teicniúla in iúl agus ardaíodh ceisteanna maidir le feidhmiú an phrótacail amach anseo, lena n-áirítear i gcomhairliúchán i scríbhinn ina dhiaidh sin. Mhol toscaireacht amháin gur cheart go gcuirfí, leis na forálacha maidir le comhpháirtíochtaí áitiúla, tíortha a thrasnaítear *en route* ar chomhchéim le tíortha ag pointí deiridh líne bus. Chuir ionadaí ón gCoimisiún i dtreis gur chuir roinnt Páirtithe Conarthacha in iúl, idir an dá linn, go raibh siad réidh chun an prótacal a shíniú, agus go dtairgfí leis an bprótacal an rogha thosaíochta freisin don chaidreamh a bheadh ann amach anseo i ndáil le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta paisinéirí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Tar éis an phlé a rinne an Mheitheal, seachas coigeartú teicniúil[4], ní dhearnadh aon athrú ar na dréachtchinntí, faoi réir a athbhreithnithe ag na dlítheangeolaithe.

---

[1] Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht na Moldóive, Montainéagró, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Poblacht na Tuirce agus an Úcráin. D'aontaigh Prionsacht Andóra dó i mí Lúnasa 2020.

[2] Féach 5587/20+ADD1.

[3] Féach 9072/2020.

[4] Féach 11529/20.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, an comhaontú ar thángthas air ar leibhéal na Meithle a dhaingniú agus an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   – an cinneadh maidir le síniú (11438/20) a ghlacadh;

   – comhaontú i bprionsabal leis an gcinneadh i ndáil le tabhairt i gcrích (11441/20) agus a chinneadh é a chur ar aghaidh, maille le téacs an phrótacail (11442/20), chuig Parlaimint na hEorpa le go dtabharfaidh sí a toiliú.

5. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas, i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, faoin gcinneadh ón gComhairle maidir le síniú an phrótacail.